


# 1916 • 2016

## CLÁR COMÓRTHA CÉAD BLIAIN
*Centenary Programme*

MAIGH EO / MAYO

# The Seven Programme Strands
## Seacht Snáithe an Chláir

State and Local Ceremonial
Searmanais Stáit agus Áitiúla

Historical Reflection
Machnamh ar an Stair

The Living Language
An Teanga Bheo

Youth and Imagination
An Óige agus an tSamhlaíocht

Cultural Expression
Léiriú Cultúrtha

Community Participation
Rannpháirtíocht Phobail

Global and Diaspora
Éireannaigh ar fud an Domhain agus an Diaspóra

THE IRELAND 2016 CENTENARY PROGRAMME is built on Seven Programme Strands which, taken together, reflect the themes of Remembering, Reconciling, Presenting, Imagining and Celebrating. The programme will continue to grow and develop over the coming months. To see the updated programme, other county programmes and the national programme for 2016, please visit www.ireland.ie

TÁ ÉIRE 2016: CLÁR COMÓRTHA CÉAD BLIAIN bunaithe ar Sheacht Snáithe an Chláir, agus nuair a thógtar iad sin i dteannta a chéile, léiríonn siad na téamaí Cuimhneamh, Athmhuintearas, Cur i Láthair, Samhlú agus Ceiliúradh. Leanfar ar aghaidh le fás agus forbairt na gclár sna míonna amach romhainn. Leis an gclár nuashonraithe a fheiceáil, chomh maith le cláir chontaetha eile agus an clár náisiúnta le haghaidh 2016, téigh chuig www.ireland.ie

---

Formal commemorative events, focused on remembering and honouring those who took part in the Easter Rising, and especially those who gave their lives.

Beidh imeachtaí foirmiúla comóraidh ann a bheidh dírithe ar na daoine a ghlac páirt in Éirí Amach na Cásca, go háirithe iad siúd a thug a mbeatha lena linn, a thabhairt chun cuimhne agus a onórú.

---

A range of history-based activities and initiatives, designed to deepen and broaden our understanding of the events of 1916 and that pivotal period in our history.

Beidh réimse gníomhaíochtaí agus tionscnamh staire ann a cheapfar chun ár dtuiscint ar imeachtaí 1916 agus an tréimhse ríthábhachtach sin inár stair a dhoimhniú agus a leathnú.

---

Reflecting on the central place of the Irish language in the ideals of the Revolutionary Generation and celebrating the language through a diverse programme of events.

Cuirfear clár ilghnéitheach imeachtaí ar siúl mar léiriú ar áit lárnach na Gaeilge in idéil na glúine réabhlóidí agus chun an teanga a cheiliúradh.

---

Placing children and young people at the centre of the Ireland 2016 Centenary Programme and integrating historical exploration with a range of imaginative activities.

Cuirfear leanaí agus daoine óga i gcroílár Éire 2016: Clár Comórtha Céad Bliain agus déanfar iniúchadh ar cheisteanna staire a chomhtháthú le réimse gníomhaíochtaí samhlaíocha.

---

Working with our creative community and arts organisations to reflect on our past, our present and our future, with a focus on 1916.

Oibriú lenár bpobal cruthaitheach agus eagraíochtaí ealaíon chun machnamh a dhéanamh ar an am atá thart in Éirinn, ar an saol atá ann faoi láthair agus ar a bhfuil i ndán dúinn amach anseo, agus béim faoi leith ar chuimhneachán 1916.

---

Encouraging widespread citizen engagement in 1916 related events, involving the broadest possible community and voluntary sector participation in towns and villages throughout the country.

Saoránaigh a spreagadh le páirt a ghlacadh in imeachtaí a bhainfidh le 1916, sa chaoi is go mbeidh an rannpháirtíocht is mó is féidir ag na hearnálacha deonacha agus pobail i mbailte agus i sráidbhailte ar fud na tíre.

---

Inviting the global Irish family and friends of Ireland from all over the world to join us in remembering, reflecting and re-imagining.

Cuireadh a thabhairt do chlanna Gael ó gach cearn den domhan agus do chairde na hÉireann a bheith linn agus muid ag cuimhneamh, ag déanamh machnaimh agus ag athshamhlú.

# Foreword
# Brollach

## MAYO 1916 AND ITS LEGACY

While most of the action which occurred during the Easter Rising took place outside of County Mayo the events which were triggered by the Rising had a major impact on life as we know it today in the county as it did in the rest of the country.

Mayo is the birth place of two key figures who took part in the Rising: Major John MacBride of Westport who was second in command in the Jacob's Garrison and who was executed for his part in the 1916 Rising, and Dr. Kathleen Lynn of Mullafarry, the Chief Medical Officer in the Irish Citizen Army who was stationed at the City Hall Garrison during the fighting. Mayo also has links to PH Pearse, Roger Casement and Éamon de Valera, all of whom studied Irish in Tourmakeady.

## THE JACKIE CLARKE COLLECTION

Mayo County Council holds the largest collection of artifacts relating to the Rising outside Dublin at the Clarke Collection in Ballina, which opened in 2013. Jackie Clarke (1927 – 2000) was a Ballina businessman and an accomplished collector of Irish material. In 2005, his widow, Mrs. Anne Clarke, in accordance with her late husband's wishes, gifted his collection to Mayo County Council, on condition that it remain permanently in Ballina. It is now available publicly, for the people of Ballina, Mayo and Ireland, at the former Provincial Bank building – www.clarkecollection.ie

For 2016 there will be a designated 1916 tour of the building with items never seen previously. The tour will focus on the rare and unique items in the collection. Items from the 7 signatories relating to PH Pearse, Thomas Clarke, Eamonn Ceannt, Thomas MacDonagh, Sean MacDiarmada, Joseph Plunkett and James Connolly will be on display and also items relating to Roger Casement.

## MAIGH EO 1916 AGUS A OIDHREACHT

Cé gur tharla an chuid ba mhó den ghníomhaíocht i rith Éirí Amach na Cásca lasmuigh de Chontae Mhaigh Eo, d'imir na himeachtaí a d'eascair ón Éirí Amach tionchar mór ar an ngnáthshaol sa chontae inniu, faoi mar a rinneadh sa chuid eile den tír.

Rugadh beirt dhaoine tábhachtacha a ghlac páirt san Éirí Amach i Maigh Eo: an Major John MacBride ó Chathair na Mart a bhí ina leascheannasaí ar Gharastún Jacob agus a cuireadh chun báis mar gheall ar an bpáirt a bhí aige in Éirí Amach 1916, agus an Dr Kathleen Lynn ó Mhullach Faraidh, an Príomhoifigeach Leighis in Arm Cathartha na hÉireann agus a d'oibrigh ag Garastún Halla na Cathrach i rith na troda. Anuas air sin, bhí ceangail ag Maigh Eo, chomh maith, le PH Mac Piarais, Roger Casement agus Éamon de Valera, a ndearna gach duine díobh staidéar ar an nGaeilge i dTuar Mhic Éadaigh.

## BAILIÚCHÁN JACKIE CLARKE

Tá an bailiúchán is mó d'iarsmaí a bhaineann leis an Éirí Amach lasmuigh de Bhaile Átha Cliath ag Comhairle Contae Mhaigh Eo, i mBailiúchán Clarke i mBéal an Átha, a osclaíodh in 2013. Fear gnó agus bailitheoir saoithiúil d'ábhar Éireannach a bhí in Jackie Clarke (1927-2000). In 2005 thug a bhaintreach, Anne Clarke, i gcomhréir le mianta a fir chéile, a bhailiúchán do Chomhairle Contae Mhaigh Eo ar an gcoinníoll go bhfanfadh sé i mBéal an Átha go deo. Tá sé ar fáil anois go poiblí do mhuintir Bhéal an Átha, Mhaigh Eo agus na hÉireann, ag iarfhoirgneamh an Bhainc Thuaithe – www.clarkecollection.ie

Don bhliain 2016, beidh turas sainithe 1916 thart ar an bhfoirgneamh ar siúl ina mbeidh earraí nach bhfacthas riamh roimhe seo. Díreoidh an turas seo ar na hearraí annamha agus uathúla atá sa bhailiúchán. Earraí ón seachtar sínitheoirí a bhaineann le PH Mac Piarais, Thomas Clarke, Éamonn Ceannt, Tomás Mac Donnchadha, Seán Mac Diarmada, Joseph Plunkett agus James Connolly, chomh maith le nithe a bhaineann le Roger Casement.Ina measc, tá lámhscríbhinní, dánta nár foilsíodh, earraí annamha agus nach rabhthas ar an eolas orthu roimhe seo, bratacha, grianghraif, cuntais ó

Included are manuscripts, unpublished poems, rare and previously unknown items, flags, photographs, first–hand accounts, manuscripts, pamphlets, hand-bills, over 350 newspapers relating to the Rising (including one with its censorship sticker on it) government enquiries, first-hand accounts, letters, posters and proclamations (including the 1916 Proclamation and the rarer 1917 Proclamation).

The collection also has the Le Roux papers: Louis N Le Roux, a Breton national, was the first biographer of PH Pearse and Tom Clarke. Among the papers is an unpublished manuscript on Seán MacDiarmada and letters from contemporaries and his family collected by Le Roux in the 1920s and 1930s. The library also contains many volumes relating to the Rising in the Irish language.

### ARTS AND CULTURE PROJECTS IN MAYO

As a result of the Jackie Clarke Collection's national significance in relation to the 1916 Easter Rising, a special artist in residence programme will be run in 2016. Mayo County Council Arts Office and the Library Service together with The Jackie Clarke Collection made an open call to artists of all disciplines. The aim of the residency is to enable the artist to develop new work and dedicate time to research and development of new ideas in response to the events of the 1916 Easter Rising by working with the Jackie Clarke Collection.

Local people can become involved throughout the process by creative consultation, interviews and collaborations on research and workshops. The residency will be in place for a six-month period and should culminate in a publicly accessible artwork relating to the 1916 Easter Rising and the Jackie Clarke Collection.

Among other significant 2016 projects in Mayo is *Collaborative* – a collaboration of five County Mayo arts venues to create exhibitions in response to Dr. Kathleen Lynn and her role in the 1916 rising.

thaithí phearsanta, lámhscríbhinní, bileoga, billí láimhe, os cionn 350 nuachtán a bhaineann leis an Éirí Amach (ceann amháin lena ghreamán cinsireachta greamaithe de), fiosrúcháin rialtais, litreacha, póstaeir agus forógraí (Forógra 1916 agus Forógra níos annaimhe 1917).

Chomh maith leis sin, tá sa bhailiúcháin páipéir Le Roux: Ba é Louis N Le Roux, náisiúnach Briotánach, an chéad bheathaisnéisí de chuid PH Mhic Piarais agus Tom Clarke. I measc na bpáipéar, tá lámhscríbhinn neamhfhoilsithe ar Sheán Mac Diarmada agus litreacha ó lucht a chomhaimsire agus óna theaghlach a bhailigh Le Roux sna 1920idí agus na 1930idí. Cuimsítear sa leabharlann, chomh maith, go leor imleabhar a bhaineann leis an Éirí Amach as Gaeilge.

Mar thoradh ar an tábhacht náisiúnta a bhaineann le Bailiúchán Jackie Clarke i dtaobh Éirí Amach na Cásca 1916, reáchtálfar clár speisialta ealaíontóra cónaithe in 2016. Rinne Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus an tSeirbhís Leabharlainne mar aon le Bailiúchán Jackie Clarke, gairm oscailte ar ealaíontóirí de gach disciplín. Is é cuspóir na cónaitheachta a chur ar chumas an ealaíontóra an t-am a chaitheamh chun saothar nua a fhorbairt agus chun am a chaitheamh le taighde agus forbairt a dhéanamh ar smaointe nua mar fhreagairt ar imeachtaí Éirí Amach na Cásca 1916 trí oibriú le Bailiúchán Jackie Clarke.

### TIONSCADAIL EALAÍON AGUS CHULTÚIR I MAIGH EO

Féadfaidh daoine áitiúla páirt a ghlacadh ar fud an phróisis trí chomhairliúchán cruthaitheach, agallaimh agus comhoibriú ar thaighde agus ceardlanna. Mairfidh an chónaitheacht sé mhí agus ba cheart go gcruthófar saothar ealaíne atá inrochtana don phobal agus a bhaineann le hÉirí Amach na Cásca 1916 agus le Bailiúchán Jackie Clarke mar thoradh uirthi.

I measc tionscadail eile thábhachtacha 2016 i Maigh Eo, tá *Collaborative* – cúig ionad ealaíon i gContae Mhaigh Eo ag oibriú as lámha a chéile chun taispeántais a chruthú mar fhreagairt ar an Dr Kathleen Lynn agus an ról a bhí aici in Éirí Amach 1916.

As part of the process artists will tour sites relating to Kathleen's childhood in Mullafarry, Co Mayo, visiting still extant sites relating to her early years as the daughter of a Church of Ireland rector, including the ruins of her home, the church and school. Artists will be asked to respond having visited these sites and immersing themselves in the documents, images and surviving objects that tell the story of this remarkable woman.

At Custom House Studios in Westport there will be an exhibition in response to Major John MacBride, who was executed for his role in the Rising. MacBride was from Westport Quay, and figured in WB Yeats' poem *Easter 1916*.

At Ballinglen Arts Foundation, artist Mick O'Dea RHA will show an exhibition of paintings on the 1916 era, *The Foggy Dew*. The exhibition will tour to Ballina Civic Offices exhibition spaces in partnership with Mayo County Council and Ballina Arts Centre.

### ENGAGING OUR COMMUNITY

The Government's programme for commemorating the Rising contains a major emphasis on community engagement. The Council has worked with many organisations throughout the county to encourage them to carry out events at local level to commemorate the Rising. The highlight of the commemoration programme will be a military parade combined with a family fun day which is scheduled to take place on Sunday 1st May 2016. It is hoped that by the end of 2016 everybody in Mayo whether young or old will have a greater knowledge and understanding of the importance of the 1916 Easter Rising.

Mayo County Council's programme is fully inclusive and embraces the cultural, educational, historical, heritage and community life of the county as it is in 2016, reflecting back on a pivotal time 100 years previously.

Mar chuid den phróiseas, rachaidh ealaíontóirí ar turas timpeall na háiteanna a bhaineann le hóige Kathleen i Mullach Faraidh, Contae Mhaigh Eo, agus cuairt á tabhairt ar láithreacha atá fós ann a bhaineann lena blianta luatha agus í ina hiníon le reachtaire Eaglais na hÉireann, agus fothracha a tí, an séipéal agus scoil ina measc. Iarrfar ar ealaíontóirí freagairt dó seo, tar éis cuairt a thabhairt ar an háiteanna seo agus grinnstaidéar a dhéanamh ar na cáipéisí, na híomhánna agus na hearraí atá fós againn inniu a insíonn scéal na mná ar leith seo.

Beidh taispeántas ar siúl i Stiúideonna Custom House i gCathair na Mart mar fhreagairt don Major John McBride, a cuireadh chun báis mar gheall ar an bpáirt a bhí aige san Éirí Amach. Ó Ché Chathair na Mart ba ea MacBride, agus bhí sé faoi chaibidil i ndán le WB Yeats, *Easter 1916*.

Ag Fondúireacht Ealaíon Bhaile an Ghleanna, cuirfidh an t-ealaíontóir, Mick O'Dea, RHA, taispeántas de phéintéireacht ar siúl ar ré 1916, The Foggy Dew. Rachaidh an taispeántas ar camchuairt go dtí spásanna taispeántais Oifigí Cathartha Bhéal an Átha i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Mhaigh Eo agus Ionad Ealaíon Bhéal an Átha.

### AN POBAL A MHEALLADH CHUN RANNPHÁIRTÍOCHTA

Cuimsítear i gclár an Rialtais chun an tÉirí Amach a Chomóradh béim mhór ar rannpháirtíocht an phobail. D'oibrigh an Chomhairle le go leor eagraíochtaí ar fud an chontae chun iad a spreagadh le tabhairt faoi imeachtaí ar leibhéal áitiúil chun an tÉirí Amach a chomóradh. Mórshiúl míleata a bheidh i gceist le buaicphointe an chláir chomórtha, mar aon le lá spraoi don teaghlach, atá le bheith ar siúl Dé Domhnaigh, an 1 Bealtaine 2016. Táthar ag súil leis, faoi dheireadh 2016, go mbeidh níos mó eolais agus tuiscint níos fearr ag gach duine i Maigh Eo, idir óg agus aosta, ar an tábhacht a bhaineann le hÉirí Amach 1916.

Tá clár Chomhairle Contae Mhaigh Eo go hiomlán cuimsitheach agus cothaíonn sé beatha chultúrtha, stairiúil, oidhreachta agus pobail an chontae faoi mar atá sí in 2016 agus machnamh á dhéanamh ar thréimhse chinniúnach 100 bliain ó shin.

# Programme
# An Clár

## Ceremonial
## Searmanais

| | | |
|---|---|---|
| 01.05.16<br>Castlebar<br>Caisleán an Bharraigh | A military parade combined with a day of commemoration including street theatre and outdoor family events will be held in Castlebar on Sunday 1st May 2016. This will be supported by Mayo's Public Participation Network. | Mórshiúl míleata mar aon le lá comórtha. Beidh amharclannaíocht sráide agus imeachtaí don teaghlach faoin spéir ar siúl i gCaisleán an Bharraigh Dé Domhnaigh, an 1 Bealtaine 2016. Tacóidh Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Mhaigh Eo leis na himeachtaí seo. |

## Historical Reflection
## Machnamh ar an Stair

| | | |
|---|---|---|
| DATE TBC<br>DATÁ LE DEIMHNIÚ<br>Countywide<br>Ar fud an chontae | The Jackie Clarke Library will exhibit its vast collection of 1916 material throughout the year with some items being exhibited in other venues throughout the county. It will be the focus for much of the commemorative activity in Mayo. | Taispeánfar i Leabharlann Jackie Clarke an bailiúchán mór atá inti d'earraí 1916 i gcaitheamh na bliana agus déanfar roinnt earraí a thaispeáint in ionaid eile ar fud an chontae. Beidh seo ina fhócas ag go leor den ghníomhaíocht chomórtha i Maigh Eo. |
| DATE TBC<br>DATÁ LE DEIMHNIÚ<br>Charlestown<br>Baile Chathail | John Healy Weekend will focus on the 1916 Rising. | Díreoidh Deireadh Seachtaine John Healy ar Éirí Amach 1916. |
| DATE TBC<br>DATÁ LE DEIMHNIÚ<br>Ballina<br>Béal an Átha | **Commemorate 1916 Rising** in the garden of the Jackie Clarke Library. | **Comóradh ar Éirí Amach 1916** i ngairdín Leabharlann Jackie Clarke. |
| DATE TBC<br>DATÁ LE DEIMHNIÚ<br>Countywide<br>Ar fud an chontae | Carry out research on the 1916 Rising as it affected Mayo. | Tabhairt faoi thaighde ar Éirí Amach 1916 faoi mar a d'imir sé tionchar ar Mhaigh Eo. |

| | | |
|---|---|---|
| DATE TBC<br>DATÁ LE DEIMHNIÚ<br>Killala<br>Cill Ala | **Event to honour the role of Kathleen Lynn** | **Imeacht chun onóir a thabhairt do ról Kathleen Lynn** |
| DATE TBC<br>DATÁ LE DEIMHNIÚ<br>Westport Historical Society<br>Cumann Staire Chathair na Mart | **Major exhibition on the life of John MacBride** | **Mórthaispeántas ar shaol John MacBride** |
| DATE TBC<br>DATÁ LE DEIMHNIÚ<br>Westport<br>Cathair na Mart | **Talk on Major John MacBride** by Anthony Jordan. | **Caint ar an Major John MacBride** le Anthony Jordan. |
| DATE TBC<br>DATÁ LE DEIMHNIÚ | **Lecture series** on various aspects of 1916 with particular focus on the role of women. | **Sraith léachtaí** ar ghnéithe éagsúla 1916 agus díriú ar leith ar ról na mban. |
| DATE TBC<br>DATÁ LE DEIMHNIÚ | **Publication on the history of Mayo County Council** | **Foilseachán i dtaca le stair Chomhairle Contae Mhaigh Eo** |
| APRIL 2016<br>AIBREÁN 2016<br>Castlebar Library<br>Leabharlann Chaisleán an Bharraigh in Aibreán 2016 | **Cumann na mBan exhibition** | **Taispeántas ar Chumann na mBan** |

## The Living Language
## An Teanga Bheo

| | | |
|---|---|---|
| DATE TBC<br>DATÁ LE DEIMHNIÚ<br>Tourmakeady<br>Tuar Mhic Éadaigh | An event will be arranged in Tourmakeady to acknowledge PH Pearse, Roger Casement and Eamon De Valera coming to Tourmakeady to improve their Irish language fluency. | Eagrófar imeacht i dTuar Mhic Éadaigh lena aithint gur tháinig Pádraig Mac Piarais, Roger Casement agus Éamon De Valera go Tuar Mhic Éadaigh chun feabhas a chur ar a líofacht sa Ghaeilge. |
| DATE TBC<br>DATÁ LE DEIMHNIÚ<br>Countywide<br>Ar fud an chontae | Gnó Mhaigh Eo will prepare a 2016 commemoration programme for Irish language businesses. | Ullmhóidh Gnó Mhaigh Eo clár comórtha 2016 le haghaidh ghnólachtaí Gaeilge. |

## Youth and Imagination
## An Óige agus an tSamhlaíocht

| | | |
|---|---|---|
| DATE TBC<br>DATÁ LE DEIMHNIÚ<br>Countywide<br>Ar fud an chontae | The Mayo Public Participation Network will organise an event for the involvement of the youth of Mayo. | Eagróidh Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Mhaigh Eo imeacht maidir le rannpháirtíocht dhaoine óga Mhaigh Eo. |

## Cultural Expression
## Léiriú Cultúrtha

| | | |
|---|---|---|
| DATE TBC<br>DATÁ LE DEIMHNIÚ<br>Countywide<br>Ar fud an chontae | Five works of art will be commissioned at five arts venues throughout the county to commemorate the role played by Dr. Kathleen Lynn. A tour will be arranged so that people can visit and view all five pieces of art in a single day. A similar project is being formulated to commemorate the role of John McBride. | Coimisiúnófar cúig shaothar ealaíne ag cúig ionad ealaíon ar fud an chontae chun an ról a ghlac an Dr Kathleen Lynn a chomóradh. Eagrófar turas ionas gur féidir le daoine cuairt a thabhairt ar gach ceann den chúig shaothar ealaíne agus iad a fheiceáil in aon lá amháin. Tá a mhacasamhail de thionscadal á chur le chéile chun an ról a ghlac John McBride a chomóradh. |
| DATE TBC<br>DATÁ LE DEIMHNIÚ<br>Ballina<br>Béal an Átha | **1916 Artist In Residence Programme** – an artist will be commissioned to work with Mayo communities to create an appropriate piece to commemorate the Rising. | **Clár Ealaíontóra Cónaithe 1916** – coimisiúnófar ealaíontóir chun oibriú le pobail Mhaigh Eo le saothar oiriúnach a chruthú chun an tÉirí Amach a chomóradh. |
| DATE TBC<br>DATÁ LE DEIMHNIÚ<br>Countywide<br>Ar fud an chontae | A number of artistic events will be staged throughout the year with dramas, pageants and re-enactments. | Léireofar roinnt imeachtaí ealaíonta i gcaitheamh na bliana le drámaí, glóir-réimeanna agus athchruthú.. |
| DATE TBC<br>DATÁ LE DEIMHNIÚ<br>Ballina<br>Béal an Átha | **Cill Aodàin Choral Society** will perform in the garden of the Jackie Clarke Library. | Tá **Cumann Córúil Chill Aodáin** le canadh i ngairdín Leabharlann Jackie Clarke. |

## Community Participation
## Rannpháirtíocht Phobail

01.05.16

Castlebar
Caisleán an Bharraigh

**A military parade** combined with a day of commemoration including street theatre and outdoor family events will be held in Castlebar on Sunday 1st May 2016. This will be supported by Mayo's Public Participation Network and Mayo Art Squad.

**Mórshiúl míleata** mar aon le lá comórtha. Beidh amharclannaíocht sráide agus imeachtaí don teaghlach faoin spéir ar siúl i gCaisleán an Bharraigh Dé Domhnaigh, an 1 Bealtaine 2016. Tacóidh Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Mhaigh Eo agus Scuad Ealaíne Mhaigh Eo leis na himeachtaí seo.

DATE TBC
DATÁ LE DEIMHNIÚ

Countywide/Relevant locations
Ar fud an chontae/ láithreacha ábhartha

**Series of ceremonies** at which representatives from various new communities within the county will be presented with a copy of the 1916 Proclamation in their own language.

Beidh **sraith searmanas** ar siúl ina soláthrófar cóip d'Fhorógra 1916 ina dteanga féin d'ionadaithe ó phobail éagsúla nua laistigh den chontae.

DATE TBC
DATÁ LE DEIMHNIÚ

Newport
Baile Uí Fhiacháin

**Newport Historical Society Mass and Commemoration Ceremony**

**Aifreann agus Searmanas Comórtha Chumann Staire Bhaile Uí Fhiacháin**

## Global and Diaspora
## Éireannaigh ar fud an Domhain agus an Diaspóra

DATE TBC
DATÁ LE DEIMHNIÚ

Countywide
Ar fud an chontae

Mayo County Council will publish a 1916 commemoration calendar which will be delivered to every household in the county. It will also be made available to Mayo's Global Diaspora. This will be supported by Mayo.ie and will be co-ordinated with Mayo Global day and the Mayo world convention which will be held in Mayo in 2016.

Foilseoidh Comhairle Contae Mhaigh Eo féilire comórtha 1916 a sholáthrófar do gach teaghlach sa chontae. Cuirfear ar fáil é, chomh maith, do Dhiaspóra Domhanda Mhaigh Eo. Tacóidh Mayo.ie leis seo agus déanfar é a chomhordú le lá Domhanda Mhaigh Eo agus coinbhinsiún domhanda Mhaigh Eo, a bheidh ar siúl in 2016.

## MAYO IRELAND 2016 COMMITTEE
## COMHORDAITHEOIR ÉIRE 2016 MAIGH EO:

John Condon

Austin Vaughan

Deirdre Cunningham

Anne McCarthy

Martina Hughes

## MAYO IRELAND 2016 COORDINATOR:

For further information about this Programme please contact our 2016 Coordinator:

**John Condon**
e: jcondon@mayococo.ie
t: 087 241 2361
w: www.mayococo.ie

## COMHORDAITHEOIR ÉIRE 2016 MHAIGH EO:

Le haghaidh tuilleadh eolais faoin gClár seo déan teagmháil, le do thoil, lenár gComhordaitheoir 2016:

**John Condon**
r: jcondon@mayococo.ie
g: 087 241 2361
i: www.mayococo.ie

ÉIRE
IRELAND

1916
2016

Clár Comórtha
Céad Bliain
*Centenary*
*Programme*

IMAGE SOURCE: NATIONAL LIBRARY OF IRELAND
FOINSE AN ÍOMHÁ: LEABHARLANN NÁISIÚNTA NA HÉIREANN

Mayo County Council,
Aras an Chontae,
Castlebar, Mayo

t: (094) 90 24444
w: www.mayococo.ie

Comhairle Contae Mhaigh Eo,
Áras an Chontae, Caisleán an
Bharraigh, Maigh Eo

g: (094) 90 24444
i: www.mayococo.ie

ireland.ie

Dia is Muire linn